2025/1140

10.6.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1140 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Feabhra 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear taifid atá le coimeád ar na seirbhísí, gníomhaíochtaí, orduithe agus idirbhearta cripteashócmhainní uile arna bhforghníomhú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 68(10), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart na taifid a cheanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a choimeád a chur in oiriúint dá gcineál gnó agus don raon seirbhísí, gníomhaíochtaí, orduithe agus idirbheart cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn siad.

(2) Ba cheart an tsaoirse a bheith ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an bealach ina gcoimeádann siad taifid ar shonraí ábhartha a bhaineann le gach ordú agus idirbheart maidir le cripteashócmhainní a chinneadh. Mar sin féin, tá taifid chomhsheasmhacha agus inchomparáide maidir le seirbhísí, gníomhaíochtaí, orduithe agus idirbhearta fíor-riachtanach do na húdaráis inniúla chun a gcúraimí maoirseachta a chomhlíonadh agus chun bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Go sonrach, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann an anailís chéanna a dhéanamh ar gach tacar sonraí taifid, gan beann ar an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tháirg an taifead. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní mionsonraí comhsheasmhacha a sholáthar maidir leis na taifid ar sheirbhísí, gníomhaíochtaí, orduithe agus idirbhearta trí chaighdeáin aonfhoirmeacha a úsáid i gcás ina n-iarrann údarás inniúil faisnéis den sórt sin de bhun Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2023/1114. Ar na cúiseanna céanna, is gá a shonrú gur cheart na taifid a choinneáil i meán lenar féidir leis na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach a dhéanamh orthu.

(3) Chun an tairbhe is mó a bhaint as eolas agus as cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), chun caighdeáin tuairiscithe chomhsheasmhacha a áirithiú ar fud na hearnála airgeadais agus chun an t-ualach tuairiscithe ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a íoslaghdú, ba cheart sonraí a thaifeadadh i gcomhréir leis na caighdeáin dá dtagraítear sa Rialachán sin. Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an Rialachán Tarmligthe seo agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/416 ([3]), ba cheart feidhm a bheith ag na caighdeáin chéanna nuair a éilítear na taifid freisin i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(4) Chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis inniúla maoirseacht chuí a dhéanamh ar sheirbhísí arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, is gá do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní taifead a choimeád ar na socruithe beartais agus na nósanna imeachta arna gcur i bhfeidhm chun Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/416 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar agus formáid na dtaifead leabhair orduithe le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní (IO L 2025/416, 14.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/416/oj).

(5) Féadfar drochúsáid margaidh, lena n-áirítear cúbláil margaidh, a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí thrádáil algartamach. Dá bhrí sin, chun faireachas margaidh éifeachtach a áirithiú, i gcás ina ndéanann duine, seachas an cliant, nó algartam ríomhaire cinntí infheistíochta, ba cheart an duine nó an t-algartam sin a shainaithint sna taifid orduithe agus taifid idirbheart trí úsáid a bhaint as aitheantóirí uathúla, láidre agus comhsheasmhacha. Ar na cúiseanna céanna, tá sé tábhachtach a leagan síos, i gcás ina ndéanfaidh níos mó ná duine amháin i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cinneadh infheistíochta, go sainaithneofar sa taifead an duine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as an gcinneadh.

(6) Chun sainaithint uathúil, chomhsheasmhach agus láidir na ndaoine nádúrtha i dtaifid orduithe agus i dtaifid idirbheart a áirithiú, ba cheart na daoine nádúrtha sin a shainaithint trí theaglaim de thír a náisiúntachta agus aitheantóirí arna sannadh ag tír náisiúntachta na ndaoine sin. I gcás nach bhfuil na haitheantóirí sin ar fáil, ba cheart daoine nádúrtha a shainaithint trí aitheantóirí arna gcruthú ó theaglaim dá ndáta breithe agus dá n-ainm.

(7) Is gá do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sonraí pearsanta áirithe a thaifeadadh chun a gcliaint nó daoine nádúrtha eile atá ábhartha d'orduithe nó d'idirbhearta i gcripteashócmhainní a shainaithint, ós rud é go bhfuil na sonraí sin bunriachtanach chun maoirseacht éifeachtúil ag údaráis inniúla a áirithiú, lena n-áirítear i réimse na drochúsáide margaidh. I ngach cás ina sainaithnítear daoine nádúrtha, déanfar é sin trí leibhéal tosaíochta na n-aitheantóirí éagsúla a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ([4]) ón gCoimisiún a leanúint.

(8) D'fhéadfadh daoine nádúrtha is gá a shainaithint chun críche coimeádta taifead a bheith ina gcónaí i dtír nach tír a náisiúntachta í. Is féidir le tír chónaithe daoine nádúrtha difear a dhéanamh do roinnt oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/1114, agus dá bhrí sin is gné thábhachtach sonraí í chun maoirseacht éifeachtach ag údaráis inniúla a áirithiú. Aon uair nach ionann tír chónaithe agus náisiúntacht duine nádúrtha, ba cheart é sin a léiriú trí chód tíre thír chónaithe an duine nádúrtha sin a sholáthar.

(9) Chun faireachas margaidh a éascú agus chun gur féidir na taifid atá le coimeád ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chur i gcomparáid le chéile, ba cheart cliaint soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar eintitis dhlítheanacha iad a shainaithint le cód atá comhoiriúnach do na critéir atá bunaithe go hidirnáisiúnta chun córais sainaitheantais láidre a fhorbairt le haghaidh faireachán a dhéanamh ar mhargaí airgeadais. Ba cheart an cód sin a bheith uathúil, neodrach, iontaofa, inscálaithe, inrochtana, ar fáil saor in aisce nó ar chostas réasúnta, agus faoi réir creat rialachais iomchuí, agus ba cheart gur cód foinse oscailte atá ann. D'úsáid na húdaráis inniúla na critéir sin freisin chun measúnú a dhéanamh ar na haitheantóirí is iomchuí i gcaighdeáin theicniúla roimhe seo maidir le sonraí maoirseachta ([5]), ([6]), chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht sonraí faoi idirbhearta airgeadais a áirithiú, agus dá bhrí sin ba cheart iad a bheith infheidhme freisin i gcomhthéacs an Rialacháin seo.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/590/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/363 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le formáid agus minicíocht na dtuarascálacha ar mhionsonraí idirbheart maoinithe urrús chuig stórtha trádála i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1247/2012 ón gCoimisiún maidir le húsáid cód tuairiscithe i dtuairisciú conarthaí díorthach (IO L 81, 22.3.2019, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/363/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1247/2012 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla chur chun feidhme maidir le formáid agus minicíocht tuarascálacha trádála chuig stórtha trádála de réir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 352, 21.12.2012, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/1247/oj).

(10) Aitheantóir idirnáisiúnta a úsáidtear i margaí airgeadais is ea LEI, aitheantóir a aithnítear go forleathan agus atá inrochtana ó thaobh airgeadais agus oibríochta de. Is aitheantóir idirnáisiúnta é LEI lena n-áirithítear rochtain ar na bunsonraí i gcónaí, rud a fhágann gur féidir faisnéis a chur i gcomparáid agus a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais, a chuireann feabhas ar cháilíocht agus ar thráthúlacht na sonraí comhiomlánaithe agus a laghdaíonn an t-ualach tuairiscithe ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, i gcás ina mbíonn sé ar fáil, taifead a dhéanamh ar LEI na gcliant ar daoine dlítheanacha iad a ndéanann siad orduithe thar a gceann agus a bhforghníomhaíonn siad idirbhearta thar a gceann. Mar sin féin, tá aitheantóirí eintitis dhlítheanaigh eile ann a d'fhéadfadh a bheith iomchuí lena n-úsáid i gcomhthéacs an Rialacháin seo. Le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), ceanglaítear ar chuideachtaí atá faoi réir na Treorach sin aitheantóir uathúil Eorpach a bheith acu, lena sainaithnítear go haonchiallach cuideachtaí agus, dá réir sin, is uirlis iomchuí í chun eintitis san Aontas a shainaithint. Laistigh de thréimhse 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, oibreoidh an Coimisiún agus ESMA go dlúth lena chéile chun úsáid an aitheantóra uathúil Eorpaigh mar uirlis a éascú chun cliaint ar eintitis dhlíthiúla iad chun críoch an Rialacháin seo a shainaithint. Tar éis an obair sin a chur i gcrích, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ullmhacht chun an t-aitheantóir uathúil Eorpach a úsáid chun críocha Airteagal 14. Ina theannta sin, chun oscailteacht d'aitheantóirí eile a áirithiú, ar aitheantóirí iad a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun críoch maoirseachta agus chun tacú le sláine an mhargaidh, leagtar amach sa Rialachán seo critéir ba cheart do na haitheantóirí malartacha sin a chomhlíonadh. Ionas go mbeidh an margadh in ann aitheantóirí malartacha incháilithe den sórt sin a úsáid, ba cheart do ESMA a n-úsáid a fhormheas i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo.

(11) Le modh uathúil chun páirtithe a shainaithint agus a aicmiú, ar páirtithe iad a chomhlíonann na critéir agus na hionstraimí thuasluaite a leanann na prionsabail sin, tacaítear go díreach le hiarrachtaí chun faireachán sonraíbhunaithe ar an margadh ag na húdaráis inniúla a bhaint amach.

(12) D'fhéadfadh iompraíochtaí drochúsáide láimhe nó algartamacha teacht chun cinn freisin nuair a shocraíonn soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an t-ardán trádála le haghaidh rochtain cripteashócmhainne nó an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil na horduithe le tarchur chuige nó aon choinníoll eile a bhaineann le forghníomhú an ordaithe. Dá bhrí sin, chun faireachas margaidh éifeachtach a áirithiú, ba cheart duine nó algartam ríomhaire laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann gníomhaíochtaí den sórt sin a shainaithint sna taifid orduithe agus sna taifid idirbheart. Ar na cúiseanna céanna, i gcás ina bhfuil baint ag duine agus algartam ríomhaire leis, nó níos mó ná duine amháin nó algartam amháin, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chinneadh, ar bhonn comhsheasmhach de réir critéir réamhchinntithe, cén duine nó cén t-algartam ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as na gníomhaíochtaí sin.

(13) Chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla ar fhaisnéis atá ábhartha, cruinn agus iomlán, ba cheart na mionsonraí a bhaineann leis an ordú atá le tarchur idir soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a shonrú.

(14) I bhfianaise chineál trasteorann na trádála cripteashócmhainní, chun bearnaí sonraí a sheachaint i gcás ina dtarchuireann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní orduithe nó ina bhforghníomhaíonn sé idirbhearta trí eintiteas nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1114 maidir leis, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní tarchur na n-orduithe sin nó forghníomhú na n-idirbheart sin a thaifeadadh amhail is dá mba rud é gur tharchuir sé na horduithe sin nó gur fhorghníomhaigh sé na hidirbhearta sin é féin. D'fhéadfadh tábhacht ar leith a bheith ag baint leis an bhfaisnéis sin chun go ndéanfadh an t-údarás inniúil faireachán leordhóthanach ar an margadh agus maoirseacht leordhóthanach ar dhrochúsáid mhargaidh.

(15) Chun faireachán cuí a dhéanamh ar shláine agus ar chobhsaíocht na margaí i gcripteashócmhainní, teastaíonn faisnéis iontaofa, chomhsheasmhach agus chaighdeánaithe ó na húdaráis inniúla maidir leis na cripteashócmhainní a thrádáiltear. Leis an bhfaisnéis sin, ba cheart go mbeidís in ann an chripteashócmhainn aonair atá á trádáil a shainaithint de réir prionsabail atá bunaithe go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla: a bheith in ann príomhthréithe na gcripteashócmhainní a thrádáiltear a aisghabháil, lena n-áirítear a ngnéithe teicneolaíocht-sonracha. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aitheantóir comharthaí digiteacha arna chomhaontú go hidirnáisiúnta a úsáid chun cripteashócmhainní a shainaithint sna taifid orduithe agus taifid idirbheart a sholáthraíonn siad do na húdaráis inniúla. Is aitheantóir arna chomhaontú go hidirnáisiúnta é an tAitheantóir Comharthaí Digiteacha (DTI) arna bhainistiú ag Fondúireacht an Aitheantóra Comharthaí Digiteacha lena ráthaítear faisnéis atá iontaofa, comhsheasmhach, caighdeánaithe agus ar fáil agus lena gcumasaítear inchomparáideacht agus comhiomlánú faisnéise ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus tráthúlacht na sonraí comhiomlánaithe agus lena laghdaítear an t-ualach tuairiscithe ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith in ann an DTI a úsáid chun cripteashócmhainní a shainaithint. Mar sin féin, chun oscailteacht d'aitheantóirí comharthaí eile a áirithiú, ar aitheantóirí iad a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun críoch maoirseachta agus chun tacú le sláine an mhargaidh, is gá a leagan amach critéir ba cheart do na haitheantóirí malartacha sin a chomhlíonadh. Ionas go mbeidh an margadh in ann aitheantóirí malartacha incháilithe a úsáid, ba cheart do ESMA a n-úsáid a fhormheas i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo.

([7]) 7 Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj).

(16) Ionas go mbeidh na húdaráis inniúla in ann faireachán cuí a dhéanamh ar shláine agus ar chobhsaíocht na margaí i gcripteashócmhainní, teastaíonn faisnéis iontaofa, chomhsheasmhach agus chaighdeánaithe uathu maidir leis na cripteashócmhainní a thrádáiltear. Leis an bhfaisnéis sin, ba cheart go mbeidís in ann an chripteashócmhainn aonair atá á trádáil a aicmiú de réir prionsabail atá bunaithe go hidirnáisiúnta. Ba cheart go gcuirfeadh aicmiú den sórt sin ar chumas na n-údarás sonraí maidir le páipéir bhána a nascadh le sonraí maidir le hidirbhearta agus orduithe sa chripteashócmhainn chéanna. Is caighdeán idirnáisiúnta é an cód ISO le haghaidh Aicmiú Ionstraimí Airgeadais (CFI) a úsáidtear chun ionstraimí airgeadais a aicmiú. Mar sin féin, ní féidir cur síos a dhéanamh faoi láthair ar chripteashócmhainní nach ionstraimí airgeadais iad trí úsáid a bhaint as an gcód CFI. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar CFI ISO chun freastal ar aicmiú cripteashócmhainní, ach ní thabharfar an t-athbhreithniú sin chun críche sula gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm. Dá bhrí sin, go dtí go gcuirfear an t-athbhreithniú sin i gcrích, ba cheart aicmiú eatramhach a úsáid lena léirítear an cineál cripteashócmhainní (comharthaí sócmhainn-tagartha, comharthaí ríomh-airgid agus cripteashócmhainní nach comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid iad).

(17) Chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla faireachán éifeachtúil éifeachtach ar an margadh, ba cheart a léiriú i dtaifid idirbheart ar forghníomhaíodh an t-idirbheart go hiomlán nó go páirteach trí bhrainse den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá lonnaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír. Níor cheart ualach riaracháin díréireach ar an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bheith mar thoradh ar shonraí lena mionsonraítear gníomhaíocht gach brainse a áireamh sna taifid a choimeádann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, ach chuirfeadh sé ar chumas na n-údarás inniúil maoirseacht a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar bhealach níos éifeachtúla agus infheictheacht a fheabhsú maidir leis an gcaoi a soláthraítear na seirbhísí sin laistigh de na Ballstáit éagsúla.

(18) I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, níor cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní ach faisnéis atá riachtanach agus leordhóthanach a choimeád chun a chur ar chumas údarás inniúil measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní le ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2023/1114 agus le forálacha an Rialacháin sin maidir le drochúsáid mhargaidh. Agus sonraí pearsanta atá sna taifid á bpróiseáil acu, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus d'údaráis inniúla forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh ([8]).

(19) Chun sainaithint dheimhin agus éifeachtúil soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá freagrach as orduithe nó idirbhearta a fhorghníomhú a áirithiú, ba cheart do na soláthraithe sin a áirithiú go sainaithnítear iad sna taifid a choimeádtar de bhun a n-oibleagáidí maidir le coimeád taifead trí úsáid a bhaint as aitheantóirí eintitis dhlítheanaigh (LEInna) atá bailíochtaithe, eisithe agus athnuaite go cuí. De bhun Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2023/1114, ní mór do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aitheantóir eintitis dhlítheanaigh a fháil ionas go ndéanfar iad a údarú. Thairis sin, chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla a gcúraimí maoirseachta a chomhlíonadh agus bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 68(10) de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart an t-aitheantóir sin a fhíorú, a thabhairt cothrom le dáta agus a áireamh sna taifid atá le coinneáil ar bun i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(20) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus thug sé tuairim uaidh an 28 Lúnasa 2024.

(21) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA') faoi bhráid an Choimisiúin.

(22) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]),

([8]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

ROINN 1

Coimeád taifead agus foráil ghinearálta maidir le taifid

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'idirbheart' fáil nó diúscairt cripteashócmhainní seachas na criptea-shócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 2(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2023/1114 a thabhairt i gcrích;

(2) ciallaíonn 'idirbheart a dhéanamh' idirbheart a fhorghníomhú nó ordú le haghaidh criptea-shócmhainní a tharchur thar ceann cliaint;

(3) ciallaíonn 'idirbheart a fhorghníomhú' aon cheann de na seirbhísí seo a leanas a sholáthar nó aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh as a leanann idirbheart:

(a) orduithe le haghaidh criptea-shócmhainní a ghlacadh agus a tharchur thar ceann cliant;

(b) orduithe a fhorghníomhú thar ceann cliant;

(c) cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile;

(d) cinneadh infheistíochta a dhéanamh i gcomhréir le sainordú lánroghnach arna thabhairt ag cliant;

(e) criptea-shócmhainní a aistriú chuig cuntais nó ó chuntais.

Airteagal 2

Taifid a choimeád

1. Coimeádfar na taifid i meán lenar féidir faisnéis a stóráil ar bhealach a mbeidh rochtain ag an údarás inniúil orthu lena húsáid amach anseo, i bhfoirm agus ar bhealach ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go mbeidh údaráis inniúla in ann rochtain éasca a fháil ar na taifid sin agus gach príomhchéim de phróiseáil gach seirbhíse, gníomhaíochta, ordaithe nó idirbhirt criptea-shócmhainní a athdhéanamh;

(b) gur féidir aon cheartúchán nó aon leasú eile ar na taifid, agus inneachar na dtaifead roimh na ceartúcháin nó na leasuithe sin, a fhionnadh go héasca;

(c) nach féidir na taifid a ionramháil ná a choigeartú;

(d) gur féidir na sonraí a shaothrú trí bhíthin córas TFC nó trí aon chóras éifeachtúil eile, i gcás nach féidir anailís a dhéanamh go héasca ar na sonraí mar gheall ar a méid agus ar a gcineál;

(e) go gcomhlíonann socruithe an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní maidir le coimeád taifead na ceanglais maidir le coimeád taifead faoin Rialachán seo gan beann ar an teicneolaíocht arna húsáid.

2. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na taifid a liostaítear i Roinn 1 den Iarscríbhinn, ag brath ar chineál a seirbhísí agus a ngníomhaíochtaí.

3. An oibleagáid maidir leis na taifid a liostaítear i Roinn 1 den Iarscríbhinn a choimeád, ní dhéanfaidh sí difear d'aon oibleagáid maidir le coimeád taifid a leagtar amach in aon ghníomh eile de chuid an Aontais.

ROINN 2

Coimeád taifead a bhaineann le seirbhísí sonracha cripteashócmhainní agus le gníomhaíochtaí soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

Airteagal 3

Coimeád taifead ar bheartais agus nósanna imeachta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní

1. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní taifid ar aon bheartas agus nós imeachta a cheanglaítear orthu taifid i scríbhinn a choimeád ina leith faoi Rialachán (AE) 2023/1114 agus faoina bhearta cur chun feidhme.

2. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní taifid freisin ar an measúnú agus ar an athbhreithniú tréimhsiúil, arna ndéanamh ag a gcomhlacht bainistíochta, ar éifeachtacht na socruithe beartais, agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 68(6) de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear ar aon easnamh arna shainaithint i ndáil leis na socruithe agus na nósanna imeachta beartais sin agus ar aon bheart arna dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh den sórt sin.

Airteagal 4

Coimeád taifead ar dhoiciméid ina leagtar amach cearta agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an chliaint

1. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na doiciméid ina leagtar amach a gcearta agus a n-oibleagáidí maidir lena soláthar seirbhíse, chomh maith leis na doiciméid ina leagtar amach cearta agus oibleagáidí a gcliant, ar feadh tréimhse 5 bliana ó fhoirceannadh an chomhaontaithe chun seirbhísí a sholáthar.

2. Arna iarraidh sin d'údarás inniúil, iarraidh arna dhéanamh roimh dhul in éag na tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i mír 1, coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 ar feadh tréimhse suas le 7 mbliana ó dháta foirceanta an chomhaontaithe chun seirbhísí criptea-shócmhainní a sholáthar.

Airteagal 5

Coimeád taifead i ndáil le cripteashócmhainní agus cistí cliant a choimeád slán

1. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní taifid lena gcuirfear ar a gcumas idirdhealú a dhéanamh, tráth ar bith agus gan mhoill, idir cripteashócmhainní agus cistí atá á sealbhú le haghaidh cliant amháin, cripteashócmhainní agus cistí atá á sealbhú le haghaidh aon chliant eile agus a sócmhainní féin.

2. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a dtaifid ar bhealach lena n-áiritheofar go bhféadfar iad a úsáid chun críoch iniúchóireachta mar thaifid.

3. Áireofar sna taifid sin an méid seo a leanas:

(a) taifid lena sainaithnítear go héasca iarmhéideanna na gcripteashócmhainní agus na gcistí atá á sealbhú le haghaidh gach cliaint;

(b) i gcás ina bhfuil cistí cliant i seilbh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 70(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2023/1114, mionsonraí na gcuntas ina sealbhaítear na cistí sin agus na comhaontuithe ábhartha idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus na hinstitiúidí creidmheasa nó na bainc cheannais lena gcuirtear cistí na gcliant;

(c) mionsonraí faoi na cuntais a osclaíodh le tríú páirtithe a shealbhaíonn cripteashócmhainní le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus faoi na comhaontuithe seachfhoinsithe leis na tríú páirtithe sin;

(d) mionsonraí faoi thríú páirtithe a dhéanann aon tasc seachfhoinsithe i gcomhréir le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus mionsonraí faoi na tascanna seachfhoinsithe;

(e) ainmneacha agus feidhmeanna na ndaoine atá freagrach as cripteashócmhainní agus cistí cliant laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a choimeád slán;

(f) comhaontuithe lena mbunaítear úinéireacht cliant ar chripteashócmhainní agus ar chistí.

ROINN 3

Coimeád taifead maidir le horduithe agus idirbhearta

Airteagal 6

Coimeád taifead maidir le horduithe

1. Maidir le gach ordú tosaigh a fhaightear ó chliant agus maidir le gach cinneadh tosaigh chun déileála, déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na mionsonraí a leagtar amach sa dara colún agus sa tríú colún de Thábla 2 de Roinn 2 den Iarscríbhinn agus na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 4 de Roinn 4 den Iarscríbhinn sin a thaifeadadh agus a choimeád, a mhéid a bhaineann na sonraí sin leis na horduithe tosaigh agus leis na cinntí sin chun déileáil.

2. I gcás ina n-iarrfaidh údarás inniúil aon cheann de na mionsonraí dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagal 94(1), pointí (a) nó (d), nó Airteagal 94(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/1114, soláthróidh na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na mionsonraí sin mar a leagtar amach sa cheathrú colún de Thábla 2 de Roinn 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. I gcás ina gceanglófar freisin na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 2 de Roinn 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo de bhun Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2023/1114 nó de bhun Airteagail 25 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, coimeádfar iad de réir na gcaighdeán a leagtar amach sna Rialacháin sin.

Airteagal 7

Coimeád taifead maidir le hidirbhearta

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, díreach tar éis dóibh idirbheart a dhéanamh, taifead ar na mionsonraí a leagtar amach sa dara colún agus sa tríú colún de Thábla 3 de Roinn 3 agus i dTábla 4 de Roinn 4 den Iarscríbhinn.

2. I gcás ina n-iarrfaidh údaráis inniúla aon cheann de na mionsonraí dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagal 94(1), pointí (a) nó (d), nó Airteagal 94(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/1114, soláthróidh oibreoirí na n-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní na mionsonraí sin mar a leagtar amach sa cheathrú colún de Thábla 3 de Roinn 3 den Iarscríbhinn.

Airteagal 8

Duine nó algartam ríomhaire laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a shainaithint, ar duine nó algartam ríomhaire é a dhéanann an cinneadh infheistíochta

1. I gcás ina ndéanann duine nó algartam ríomhaire laistigh de sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cinneadh infheistíochta chun cripteashócmhainn shonrach a fháil nó a dhiúscairt thar ceann an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó thar ceann cliaint i gcomhréir le sainordú lánroghnach arna thabhairt ag an gcliant, déanfar an duine sin nó an t-algartam ríomhaire sin a shainaithint agus a thaifeadadh mar a shonraítear i Réimse 41 de Thábla 3 de Roinn 3 den Iarscríbhinn.

2. I gcás ina bhfuil baint ag duine agus algartam ríomhaire araon leis an gcinneadh infheistíochta a dhéanamh, nó ina bhfuil baint ag níos mó ná duine amháin nó ag níos mó ná algartam amháin leis an gcinneadh sin a dhéanamh, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an duine nó algartam ríomhaire ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as an gcinneadh sin a thaifeadadh.

Airteagal 9

Ainmniúchán chun daoine nádúrtha a shainaithint

1. Sainaithneofar cliant ar duine nádúrtha é i dtaifid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní trí úsáid a bhaint as an ainmniú a eascraíonn as teaglaim de ISO 3166-1 alfa-2 (cód tíre 2 litir) de náisiúntacht an chliaint agus den aitheantóir náisiúnta cliaint a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, ar bhonn náisiúntacht an chliaint.

2. Sannfar an t-aitheantóir náisiúnta cliaint dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na leibhéil tosaíochta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 trí úsáid a bhaint as an aitheantóir tosaíochta is airde atá ag duine gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-aitheantóir sin ar eolas cheana ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

3. D'fhonn duine nádúrtha a shainaithint, i gcás inar náisiúnach de níos mó ná tír amháin de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) é an duine nádúrtha, úsáidfear cód tíre na chéad náisiúntachta nuair a shórtáiltear in ord aibítre iad de réir chód ISO 3166-1 alfa-2 agus aitheantóir na náisiúntachta sin arna shannadh i gcomhréir le mír 2.

4. I gcás ina bhfuil náisiúntacht neamh-LEE ag duine nádúrtha, úsáidfear an t-aitheantóir ag a bhfuil an tosaíocht is airde i gcomhréir leis an réimse lena dtagraítear do 'gach tír eile' dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 i gcás ina bhfuil náisiúntacht LEE agus náisiúntacht neamh-LEE ag duine nádúrtha, úsáidfear cód tíre náisiúntacht LEE agus aitheantóir tosaíochta is airde na náisiúntachta sin, arna shannadh i gcomhréir le mír 2.

5. I gcás ina bhfuil cliant ina chónaitheoir i dtír nach tír a náisiúntachta í, sainaithneoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an duine sin freisin bunaithe ar thír chónaithe an duine sin mar a shonraítear i Réimse 41 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

6. I gcás ina bhfuil an t-aitheantóir arna shannadh i gcomhréir le mír 2 bunaithe ar CONCAT, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cliant a shainaithint trí úsáid a bhaint as teaglaim de na gnéithe seo a leanas san ord seo a leanas:

(a) dáta breithe an duine san fhormáid BBBBMMLL;

(b) an chéad cúig charachtar de chéadainm an duine;

(c) an chéad cúig charachtar de shloinne an duine.

7. Chun críocha mhír 6, eisiafar réimíreanna le hainmneacha agus cuirfear '#' i gceangal le céadainmneacha agus sloinnte is giorra ná cúig charachtar chun a áirithiú go mbeidh cúig charachtar i dtagairtí d'ainmneacha agus do shloinnte i gcomhréir le mír 6. Beidh gach carachtar i gceannlitreacha. Ní úsáidfear uaschamóga, aicinn, fleiscíní, marcanna poncaíochta ná spásanna.

Airteagal 10

Duine nó algartam ríomhaire a shainaithint, ar duine nó algartam é a chinneann na coinníollacha maidir le hidirbheart a fhorghníomhú

1. I gcás ina gcinneann duine nó algartam ríomhaire laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, ar duine nó algartam é a fhorghníomhaíonn idirbheart, cén t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní atá lonnaithe lasmuigh den Aontas ar cheart rochtain a fháil air, cén soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní eile ar cheart orduithe a tharchur chuige nó aon choinníoll a bhaineann le forghníomhú idirbhirt, sainaithneofar an fostaí nó an t-algartam ríomhaire sin i Réimse 41 de Thábla 3 i Roinn 3 den Iarscríbhinn.

2. I gcás ina ndéanann duine laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní cinntí lena gcinntear forghníomhú an idirbhirt, sannfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ainmniú chun an duine sin a shainaithint ina thaifid idirbheart i gcomhréir le hAirteagal 9.

3. I gcás ina ndéanann algartam ríomhaire atá ag oibriú faoi rialú an tsoláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní cinntí lena gcinntear forghníomhú an idirbhirt, sainaithneofar an t-algartam ríomhaire sin i Réimse 43 den Tábla i Roinn 3 den Iarscríbhinn.

4. I gcás ina bhfuil baint ag duine agus algartam ríomhaire araon le forghníomhú an idirbhirt, nó i gcás ina bhfuil níos mó ná duine amháin nó algartam amháin i gceist, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an duine nó algartam ríomhaire ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as forghníomhú an idirbhirt a thaifeadadh i Réimse 43 de Thábla 3 i Roinn 3 den Iarscríbhinn.

Airteagal 11

Glacadh agus tarchur orduithe a thaifeadadh

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a ghlacann agus a tharchuireann chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní eile ordú le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant, dá dtagraítear in Airteagal 1(3)(a), mionsonraí na n-orduithe sin a thaifeadadh mar a shonraítear i Réimsí 1, 2, 10, 12, 14, 15, 16, 17, 19, 20, 21, 25, 37 de Thábla 2 de Roinn 2 den Iarscríbhinn, má tá agus a mhéid atá na réimsí sin ábhartha don ordú sin.

2. I gcás ina bhfaightear an t-ordú arna tharchur ó sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharchuir an t-ordú sin roimhe sin, is iad na réimsí a sholáthraítear de bhun mhír 1 na réimsí lena sainaithnítear an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní tarchuir.

3. I gcás ina dtarchuirfear ordú níos mó ná aon uair amháin, is éard a bheidh sna mionsonraí ordaithe dá dtagraítear i mír 1 mionsonraí chliant an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharchuir an t-ordú den chéad uair agus déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharchuir an t-ordú den chéad uair na mionsonraí sin a thaifeadadh.

4. I gcás ina ndéantar orduithe a chomhiomlánú le haghaidh níos mó ná cliant amháin, déanfar mionsonraí an ordaithe dá dtagraítear i mír 1 a thaifeadadh le haghaidh gach cliaint.

Airteagal 12

Orduithe agus idirbhearta a fhorghníomhaítear trí ardáin trádála nó trí sholáthraithe seirbhísí nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1114 maidir leo a thaifeadadh

1. I gcás ina bhforghníomhaíonn soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ordú nó idirbheart thar ceann cliaint trí ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní nó trí sholáthraí seirbhísí nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1114 maidir leis, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mionsonraí an ordaithe nó an idirbhirt a thaifeadadh amhail is dá mba rud é gur fhorghníomhaigh sé an t-ordú nó an t-idirbheart é féin.

2. Déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a thaifeadadh sna réimsí a shonraítear i dTábla 2 de Roinn 2 agus i dTábla 3 de Roinn 3 den Iarscríbhinn, i gcás ina bhfuil na réimsí sin infheidhme maidir leis an ordú nó leis an idirbheart atá i gceist.

Airteagal 13

Glacadh agus tarchur orduithe chuig eintitis nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1114 maidir leo a thaifeadadh

1. I gcás ina dtarchuirfidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ordú chuig eintiteas nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1114 maidir leis, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mionsonraí an ordaithe tharchurtha a thaifeadadh sna réimsí a shonraítear i dTábla 2 de Roinn 2 den Iarscríbhinn, a mhéid atá na réimsí sin infheidhme maidir leis an ordú nó leis an idirbheart atá i gceist.

2. I gcás ina ndéanfar an t-ordú a chomhiomlánú le haghaidh roinnt cliant, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 14, de réir mar is infheidhme, a thaifeadadh maidir le gach cliant.

Airteagal 14

Cliaint ar eintitis dhlítheanacha iad a shainaithint

1. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 á soláthar do na húdaráis inniúla, sainaithneoidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní aon chliant ar eintiteas dlítheanach é trí chód aitheantais eintitis dhlítheanaigh a chomhfhreagraíonn don chliant sin a úsáid.

2. Taifeadfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na cóid aitheantais eintitis dhlítheanaigh a chomhlíonann caighdeán ISO 17442 agus a áirítear sa bhunachar sonraí domhanda LEI arna choinneáil ar bun ag an Láraonad Oibriúcháin arna cheapadh ag an gCoiste Formhaoirseachta Rialála maidir le hAitheantóirí Eintiteas Dlítheanach.

3. I gcás nach bhfuil aitheantóir eintitis dhlítheanaigh ag an gcliant a chomhlíonann caighdeán ISO 17442, gheobhaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní aitheantóir den sórt sin don chliant, nó úsáidfidh sé aitheantóir arna shainiú ar leibhéal an Aontais a chomhlíonann na saintréithe uile seo a leanas:

(a) tá sé uathúil;

(b) tá sé neodrach;

(c) tá sé iontaofa;

(d) aitheantóir foinse oscailte atá ann;

(e) tá sé inscálaithe;

(f) tá sé inrochtana;

(g) tá sé ar fáil saor in aisce nó ar chostas réasúnta;

(h) tá sé faoi réir creat rialachais iomchuí.

Airteagal 15

Cripteashócmhainní a shainaithint

Agus faisnéis á soláthar ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní d'údaráis inniúla faoi Airteagail 6 agus 7, sainaithneoidh sé na cripteashócmhainní is ábhar don ordú taifeadta nó don idirbheart taifeadta, nó a úsáidtear mar mhodh íocaíochta, trí aitheantóir comharthaí digiteacha a úsáid atá i gcomhréir le caighdeán ISO 24165 nó aitheantóir uathúil coibhéiseach arna fhormheas ag ESMA ar leibhéal an Aontais a chomhlíonann na saintréithe uile seo a leanas:

(a) tá sé uathúil;

(b) tá sé neodrach;

(c) tá sé iontaofa;

(d) aitheantóir foinse oscailte atá ann;

(e) tá sé inscálaithe;

(f) tá sé inrochtana;

(g) tá sé ar fáil ar bhonn costais réasúnaigh, agus

(h) tá sé faoi réir creat rialachais iomchuí.

Airteagal 16

Idirbhearta arna ndéanamh ag brainsí a thaifeadadh

1. I gcás ina dtugann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní faoi idirbheart go hiomlán nó go páirteach trína bhrainse, áireoidh sé ina thaifid idirbheart cód tíre ISO 3166 an bhrainse sin, i gcomhréir le Réimsí 7, 16, 34, 42 nó 44 de Thábla 3 i Roinn 3 den Iarscríbhinn.

2. Áireoidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis seo a leanas sna taifid idirbhirt:

(a) an bhfuair an brainse an t-ordú ó chliant nó an ndearna an brainse cinneadh infheistíochta le haghaidh cliaint i gcomhréir le sainordú lánroghnach a thug an cliant dó;

(b) cé acu atá nó nach bhfuil freagracht mhaoirseachta ar an mbrainse as an duine a dhéanann an cinneadh infheistíochta lena mbaineann;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil freagracht mhaoirseachta ar an mbrainse as an duine a chinneann na coinníollacha maidir leis an idirbheart a fhorghníomhú;

(d) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an t-idirbheart go hiomlán nó go páirteach ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní atá lonnaithe lasmuigh den Aontas trí úsáid a bhaint as ballraíocht an bhrainse san ardán trádála sin le haghaidh cripteashócmhainní.

Airteagal 17

Sainaithint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann orduithe agus idirbhearta

1. Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann faoi orduithe nó idirbhearta lena ngníomhachtaítear an oibleagáid taifid a choimeád, áiritheoidh siad go sainaithneofar iad féin sna taifid atá le coimeád de bhun an Rialacháin seo le haitheantóir eintitis dhlítheanaigh ceart a chomhlíonann caighdeán ISO 17442 agus atá san áireamh sa bhunachar sonraí domhanda LEI arna choinneáil ar bun ag an Láraonad Oibriúcháin arna cheapadh ag an gCoiste um Fhormhaoirseacht Rialála maidir le hAitheantóirí Eintiteas Dlítheanach.

2. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go ndéanfar na sonraí tagartha a bhaineann lena n-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh a athnuachan i gcomhréir le téarmaí aon cheann d'Aonaid Oibriúcháin Áitiúla chreidiúnaithe an Chórais Dhomhanda maidir le hAitheantóirí Eintiteas Dlítheanach.

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ROINN 1

taifid ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí: liosta de na taifid atá le coimeád ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní de réir chineál a seirbhísí agus a ngníomhaíochtaí

Cineál taifid	Achoimre inneachair
Cumarsáid le cliaint	
Teachtaireachtaí margaíochta	Gach teachtaireacht mhargaíochta arna heisiúint ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní (seachas teachtaireachtaí ó bhéal) nó thar a cheann.
Faisnéis do chliaint	Faisnéis seachas teachtaireachtaí margaíochta arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, nó thar a cheann, don chliant faoin soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí, cripteashócmhainní, agus na costais agus na muirir ghaolmhara is infheidhme.
Taifid ar chumarsáid le cliaint	Taifid ar chomhráite teileafóin nó ar chumarsáid leictreonach a bhaineann le hidirbhearta nó le horduithe cliaint a ghlacadh, a tharchur agus a fhorghníomhú, lena n-áirítear i gcás nach mbeidh cur i gcrích idirbhirt nó soláthar seirbhísí glactha agus tarchurtha orduithe nó forghníomhú ordaithe mar thoradh ar na comhráite nó ar an gcumarsáid sin.
Cearta agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an chliaint	
Comhaontuithe cliant	Aon doiciméad arna chomhaontú idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an cliant ina leagtar amach cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe.
Toiliú an chliaint	Aon chumarsáid idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an cliant nó aon doiciméad lena bhfianaítear gur thoiligh an cliant le soláthar seirbhísí agus leis na téarmaí ar a soláthróidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní na seirbhísí sin don chliant.
Drochúsáid margaidh	
Drochúsáid margaidh	Taifid ar chásanna ina léirítear le himthosca go ndearnadh drochúsáid margaidh, go bhfuil drochúsáid margaidh á déanamh, nó gur dócha go ndéanfar drochúsáid margaidh. Beidh sainaithint na ndaoine nó na n-algartam ríomhaire lena mbaineann sna taifid sin. I gcás daoine a shocraíonn nó a fhorghníomhaíonn idirbhearta i gcripteashócmhainní go gairmiúil, beidh sna taifid an fhaisnéis lena ndoiciméadaítear an anailís arna déanamh maidir le horduithe, idirbhearta, agus gnéithe d'fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a d'fhéadfadh a bheith ina ndrochúsáid margaidh, dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 92(2) de Rialachán (AE) 2023/1114).
Cripteashócmhainní agus cistí na gcliant a choimeád slán	
Cripteashócmhainní na gcliant agus a modhanna rochtana ar chripteashócmhainní atá i seilbh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní	Na taifid lena gcuirtear ar chumas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní cearta úinéireachta na gcliant a choimirciú agus cosc a chur ar úsáid chripteashócmhainní na gcliant dá gcuntas féin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 70(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

Cineál taifid	Achoimre inneachair
Cistí na gcliant atá i seilbh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní	Na taifid lena gcuirtear ar chumas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní cearta úinéireachta na gcliant a choimirciú agus cosc a chur ar úsáid chistí na gcliant dá gcuntas féin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 70(2) de Rialachán (AE) 2023/1114. Aon doiciméad, taifead, nó fianaise lena léirítear go gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibleagáidí faoi Airteagal 70(3) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Gearáin a láimhseáil	
Gearáin	Na taifid arna gcoimeád i gcomhréir le hAirteagal 1(2)(f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/294 ón gCoimisiún ([1]).
Coinbhleachtaí leasa agus idirbhearta pearsanta	
Coinbhleachtaí leasa	An fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(5) den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 72(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Idirbheart pearsanta	Taifid ar idirbheart pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 2(4) den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 72(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, lena sonraítear dáta agus am an idirbhirt, na coinníollacha, a mhéid, an contrapháirtí agus aon údarú nó toirmeasc i ndáil leis an idirbheart sin, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin.
Seachfhoinsiú	
Comhaontuithe seachfhoinsithe	Taifid ar na comhaontaithe i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Seirbhísí agus gníomhaíochtaí seachfhoinsithe	Taifid ar aon seirbhís nó gníomhaíocht arna seachfhoinsiú chuig tríú páirtí le chéile, ina mbeidh na nithe seo a leanas: (a) ainm, oifig chláraithe, seoladh oibriúcháin, agus stádas rialála an tríú páirtí ar chuige a ndearnadh an tseirbhís nó an ghníomhaíocht, nó aon chuid den tseirbhís nó den ghníomhaíocht, a sheachfhoinsiú; (b) ainm, feidhm, agus sonraí teagmhála an duine atá i gceannas ar an tseirbhís nó ar an ngníomhaíocht, nó ar chuid den tseirbhís nó den ghníomhaíocht, sa tríú páirtí ar chuige a ndearnadh an tseirbhís nó an ghníomhaíocht, nó aon chuid den tseirbhís nó den ghníomhaíocht, a sheachfhoinsiú; (c) ainm agus feidhm an duine atá i gceannas ar an tseirbhís nó ar an ngníomhaíocht, nó ar chuid den tseirbhís nó den ghníomhaíocht, sa soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní.
Cripteashócmhainní a chumhdach agus a riar thar ceann na gcliant	
Clár na suíomhanna	Taifid ar chláir na suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 75(2) agus (4) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Ráiteas na suíomhanna	Taifid ar ráiteas na suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 75 (5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Cumarsáid le cliaint	Taifid ar aon chumarsáid leis an gcliant dá dtagraítear in Airteagal 75(5), an dara fomhír, de Rialachán 2023/1114, lena n-áirítear an fhreagairt a fuair an cliant nó easpa na freagartha sin.
Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile a úsáid	I gcás ina ndéantar cripteashócmhainní na gcliant nó a modhanna rochtana ar chripteashócmhainní a choimeád slán nó a rialú i gcomhréir le hAirteagal 75(9) de Rialachán (AE) 2023/1114: (a) taifid ón soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní tríú páirtí lena bhfianaítear suíomhanna na gcliant; (b) taifid ar chumarsáid lena bhfianaítear gur chomhlíon an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 75(9), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114.

Cineál taifid	Achoimre inneachair
Ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú	
Rialacha oibríochtúla	Cóip de na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear easnaimh a braitheadh agus na bearta a rinneadh chun iad a leigheas.
Measúnú ar oiriúnacht na cripteashócmhainne	Taifid ar an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 76(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 agus ar thorthaí an mheasúnaithe sin.
Feidhm anaithnidithe ionsuite	Taifid ar chásanna ina bhfuil feidhm anaithnidithe ionsuite ag cripteashócmhainní.
Toiliú an chliaint le trádáil bhunairgid mheaitseáilte	Taifid ar thoiliú na gcliant leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá i mbun trádáil bhunairgid mheaitseáilte ar an ardán le haghaidh cripteashócmhainní a oibríonn sé, dá dtagraítear in Airteagal 76(6) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile	
Praghsanna agus teorainneacha	(1) Taifid ar phraghas na gcripteashócmhainní nó ar an modh chun praghas na gcripteashócmhainní a bheartaítear a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile a chinneadh, agus aon teorainn is infheidhme arna cinneadh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar an méid atá le malartú, dá dtagraítear in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) 2023/1114. (2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas i dtaifid den sórt sin maidir le gach praghas, gach modh chun an praghas a chinneadh agus gach teorainn is infheidhme: (a) céannacht na cripteashócmhainne; (b) cé acu is féidir nó nach féidir an chripteashócmhainn a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní nó ar an dá rud; (c) praghas na cripteashócmhainne; (d) méid na gcriptea-shócmhainní arna mhalartú ar chripteashócmhainn eile.
Cripteashócmhainní a láithriú	
Faisnéis do chliaint nó do chliaint ionchasacha	Taifid ar an gcumarsáid dá dtagraítear in Airteagal 79(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 agus ar an toiliú a fuarthas ón tairgeoir nó ón duine atá ag iarraidh go ligfí isteach é chun trádála nó ó aon tríú páirtí atá ag gníomhú thar a cheann.
Oibríochtaí um láithriú	Taifid ar aon oibríocht um láithriú de chuid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, a choimeádtar i gcomhréir leis an gceanglas atá ar an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nós imeachta láraithe a bheith i bhfeidhm aige chun a oibríochtaí uile um láithriú a shainaithint, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 72(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Comhairle agus bainistíocht punann	
Faisnéis do chliaint	Taifid ar aon chumarsáid arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 81(2), (4) agus (9) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Measúnú ar oiriúnacht	Taifid ar an bhfaisnéis uile a bailíodh ó gach cliant agus a ndearnadh measúnú uirthi chun an measúnú oiriúnachta dá dtagraítear in Airteagal 81(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 a dhéanamh, agus na doiciméid inmheánacha uile a bhaineann leis an measúnú oiriúnachta sin. Taifid ar na cliaint nár sholáthair an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 81(8) de Rialachán (AE) 2023/1114.

Cineál taifid	Achoimre inneachair
Comhairle infheistíochta	Taifid ar an am agus ar an dáta a tugadh comhairle maidir le cripteashócmhainní, taifid ar na criptea-shócmhainní a moladh, agus an tuarascáil oiriúnachta a soláthraíodh don chliant i gcomhréir le hAirteagal 81(13) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Ráiteas tréimhsiúil le haghaidh seirbhísí bainistithe punainne	Taifid ar aon ráiteas tréimhsiúil arna sholáthar don chliant dá dtagraítear in Airteagal 81(14) de Rialachán (AE) 2023/1114.
Aslaigh	1. Taifid ar aon mhionsochar neamhairgeadaíochta arna fháil ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 81(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sna taifid sin: (a) cineál an mhionsochair neamhairgeadaíochta agus an dáta a fuarthas é; (b) an cliant agus an tseirbhís nó an ghníomhaíocht a fuarthas; (c) an chaoi a gcomhlíonann an mionsochar neamhairgeadaíochta sin Airteagal 81(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114. 2. Taifid ar aon aslach arna fháil ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 81(6), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sna taifid sin: (a) cineál agus méid an aslaigh agus an dáta a fuarthas é; (b) an cliant agus an tseirbhís nó an ghníomhaíocht ar i ndáil léi a fuarthas é; (c) an chaoi a gcomhlíonann an t-aslach sin Airteagal 81(6), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114; (d) aon chumarsáid arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 81(6), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114.
	Seirbhísí aistrithe
Taifid atá le coimeád ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra	Taifid ar na nithe seo a leanas: (a) na treoracha uile a fuarthas; (b) an fhaisnéis uile a liostaítear in Airteagal 14(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2023/1113; (c) na modhanna fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2023/1113; (d) aon fhionraí nó diúltú maidir le haon treoir chun an t-aistriú cripteashócmhainní a dhéanamh agus an chúis leis an bhfionraí nó leis an diúltú sin.
Taifid atá le coimeád ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí	Taifid ar na nithe seo a leanas: (a) an fhaisnéis uile a liostaítear in Airteagal 14(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2023/1113; (b) na modhanna fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2023/1113; (c) aon aistabhairt, fhionraí nó diúltú maidir le haistriú na gcripteashócmhainní agus an chúis leis an aistabhairt, leis an bhfionraí nó leis an diúltú sin; (d) aon bheart arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2023/1113, mar aon leis na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní lena mbaineann a shainaithint.

Cineál taifid	Achoimre inneachair
Taifid atá le coimeád ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálacha	Taifid ar na nithe seo a leanas: (a) an fhaisnéis uile a liostaítear in Airteagal 14(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2023/1113; (b) aon aistabhairt, fhionraí nó diúltú maidir le haistriú na gcripteashócmhainní agus an chúis leis an aistabhairt, leis an bhfionraí nó leis an diúltú sin; (c) aon bheart arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2023/1113, mar aon leis na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní lena mbaineann a shainaithint.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/294 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais, na teimpléid agus na nósanna imeachta maidir le gearáin a láimhseáil ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní (IO L, 2025/294, 13.2.2025 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/294/oj).

ROINN 2

Taifid ar orduithe

Tábla 1

Eochair eolais do Thábla 2 den Roinn seo agus do Thábla 3 de Roinn 3

Siombail	Cineál sonraí	Sainmhíniú
{ALPHANUM-n}	Suas le n carachtar alfa-uimhriúla	Réimse saorthéacs.
{CFI_CODE}	6 charachtar	Cód CFI ISO 10962
{COUNTRYCODE_2}	2 charachtar alfa-uimhriúla	Cód tíre 2 litir, mar a shainítear le cód tíre alfa-2 ISO 3166-1
{CURRENCYCODE_3}	3 charachtar alfa-uimhriúla	Cód airgeadra 3 litir, mar a shainítear le cóid airgeadra ISO 4217
{DATE_TIME_FORMAT}	Formáid dáta agus ama ISO 8601	Dáta agus am san fhormáid seo a leanas: BBBB-MM-LLAuu:nn:ss.ddddZ. — is é 'BBBB' an bhliain; — is é 'MM' an mhí; — is é 'LL' an lá; — 'A' – ciallaíonn sé sin go n-úsáidfear an litir 'A' — is é 'uu' an uair; — is é 'nn' an nóiméad; — is é 'ss.dddddd' an soicind agus a chodán de shoicind; — is é Z am AUL. Déanfar dátaí agus amanna a thaifeadadh in Am Uilíoch Lárnach (AUL).

Siombail	Cineál sonraí	Sainmhíniú
{DATEFORMAT}	Formáid dáta ISO 8601	Déanfar na dátaí a fhormáidiú san fhormáid seo a leanas: BBBB-MM-LL.
{DECIMAL-n/m}	Uimhir dheachúil suas le n digit ar an iomlán a bhféadfaidh suas le m digit de sin a bheith ina ndigití codáin	Réimse uimhriúil le haghaidh luachanna deimhneacha agus diúltacha araon. — is pointe deachúil é '.' (lánstad); — déantar '-' (lúide) a chur roimh uimhreacha diúltacha; Déantar luachanna a shlánú agus ní chiorraítear iad.
{DTI}	9 gcarachtar alfa-uimhriúla	Aitheantóir comharthaí digiteacha mar a shainmhínítear i gcaighdeán ISO 24165
{DTI_SHORT_NAME}	n carachtar alfa-uimhriúla	Ainm gearr DTI arna chlárú de réir eilimintí sonraí ISO 24165-2 chun DTI a chlárú
{INTEGER-n}	Slánuimhir suas le n digit san iomlán	Réimse uimhriúil le haghaidh luachanna slánuimhreach deimhneacha agus diúltacha araon.
{ISIN}	12 carachtar alfa-uimhriúla	Cód ISIN, mar a shainmhínítear in ISO 6166
{LEI}	20 carachtar alfa-uimhriúla	Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shainmhínítear in ISO 17442
{MIC}	4 carachtar alfa-uimhriúla	Aitheantóir Margaidh mar a shainmhínítear in ISO 10383
{NATIONAL_ID}	35 carachtar alfa-uimhriúla	Déantar an t-aitheantóir a dhíorthú i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590

Tábla 2

Mionsonraí na n-orduithe atá le coimeád

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint			
1	Cód aitheantais cliaint	An cód a úsáidtear chun cliant an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chuir an t-ordú isteach a shainaithint. I gcás inar eintiteas dlítheanach é an cliant, úsáidfear cód LEI an chliaint nó na haitheantóirí malartacha dá dtagraítear in Airteagal 14(3). I gcás nach eintiteas dlítheanach é an cliant, úsáidfear an cód {NATIONAL_ID}. I gcás leithdháiltí atá ar feitheamh, úsáidfear an bhratach PNAL. 'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás ina bhfuil leas díreach ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní le ceannach nó le díol.	{LEI} {NATIONAL_ID} {ALPHANUM-20} {PNAL} 'NOAP'

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
2	Cinneadh infheistíochta laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní	An cód a úsáidtear chun an duine nó an t-algartam laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann an cinneadh infheistíochta a shainaithint. I gcás ina ndéanann duine nádúrtha laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cinneadh infheistíochta, sainaithneofar an duine atá freagrach as an gcinneadh infheistíochta, nó an duine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as, leis an {NATIONAL_ID} Maidir le halgartam a chinneann paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch, lena n-áirítear an t-ordú a thionscnamh nó uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe a chinneadh, i gcás ina ndearna sé an cinneadh infheistíochta, déanfar an réimse sin a líonadh le cód arna shannadh i gcomhréir le hAirteagal 8. Fágfar an réimse seo bán i gcás nach duine ná algartam laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a rinne an cinneadh infheistíochta.	{NATIONAL_ID} Daoine nádúrtha {ALPHANUM-50} Algartaim
3	Forghníomhú laistigh de ghnólacht	An cód a úsáidtear chun an duine nó an t-algartam laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chinneann na coinníollacha maidir le forghníomhú an idirbhirt a eascraíonn as an ordú a shainaithint. I gcás ina gcinneann duine nádúrtha na coinníollacha le haghaidh fhorghníomhú an idirbhirt, déanfar an duine sin a shainaithint le {NATIONAL_ID} I gcás inarb é algartam lena gcinntear paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch, lena n-áirítear an t-ordú a thionscnamh nó uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe a chinneadh, atá freagrach as an idirbheart a fhorghníomhú, déanfar an réimse seo a líonadh le cód arna shannadh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 10. I gcás ina bhfuil baint ag níos mó ná duine amháin nó ag roinnt daoine agus algartam le forghníomhú an idirbhirt, cinnfidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an trádálaí nó an t-algartam ar a bhfuil an phríomhfhreagracht agus déanfaidh sé an réimse seo a líonadh le céannacht an trádálaí sin nó an algartaim sin	{NATIONAL_ID} Daoine nádúrtha {ALPHANUM-50} Algartaim
		Roinn B — Acmhainneacht trádála agus soláthar leachtachta	
4	Acmhainneacht trádála	Tugtar le fios cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann an t-idirbheart ag trádáil bunairgid mheaitseáilte nó ag malartú cripteashócmhainní ar chistí. I gcás nach é is cúis le cur isteach ordaithe go dtugann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní faoi thrádáil bunairgid mheaitseáilte nó go malartaíonn sé cripteashócmhainní ar chistí, tugtar le fios sa réimse go ndearnadh an t-idirbheart faoi aon acmhainneacht eile.	'DEAL' Cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile 'MTCH' Bunairgead meaitseáilte 'AOTC' Aon acmhainneacht eile

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint			
Roinn C — Dáta agus am			
5	Dáta agus Am	Dáta agus am gach teagmhais a liostaítear i Ranna G agus J.	{DATE_TIME_FORMAT}
Roinn D — Tréimhse bhailíochta agus srianta ordaithe			
6	Tréimhse bhailíochta	Ordú lae: rachaidh an t-ordú in éag ag deireadh an lae trádála a ndearnadh é a iontráil sa leabhar orduithe. Ordú atá bailí go dtí tráth a chealaithe: fanfaidh an t-ordú gníomhach sa leabhar orduithe agus fanfaidh sé infhorghníomhaithe go dtí go gcuirfear ar ceal é iarbhír. Ordú 'bailí go dtí am sonraithe': rachaidh an t-ordú in éag, ar a dhéanaí, ag am réamhchinntithe laistigh den seisiún trádála reatha. Ordú 'bailí go dtí dáta sonraithe': téann an t-ordú in éag ag deireadh dáta shonraithe. Ordú 'bailí go dtí dáta agus am sonraithe': téann an t-ordú in éag ag am agus ar dháta sonraithe. Ordú 'bailí tar éis am sonraithe': níl an t-ordú gníomhach ach tar éis am réamhchinntithe laistigh den seisiún trádála reatha. Ordú 'bailí tar éis dáta': níl an t-ordú gníomhach ach ó thús dáta réamhchinntithe. Ordú 'bailí tar éis dáta agus am sonraithe': níl an t-ordú gníomhach ach ó am réamhchinntithe ar dháta réamhchinntithe. Ordú 'láithreach nó cealaigh': ordú a fhorghníomhaítear ar iontráil dó sa leabhar orduithe (maidir leis an gcainníocht is féidir a fhorghníomhú) agus nach bhfanann sa leabhar orduithe maidir leis an gcainníocht atá fágtha (más ann di) nach bhfuil forghníomhaithe. Ordú 'líon anois nó cealaigh': ordú a fhorghníomhaítear ar iontráil dó sa leabhar orduithe ar choinníoll gur féidir é a líonadh go hiomlán: sa chás nach féidir an t-ordú a fhorghníomhú ach go páirteach, diúltaítear dó go huathoibríoch agus dá bhrí sin ní féidir é a fhorghníomhú. Eile: aon tásc breise atá uathúil le haghaidh samhlacha gnó, ardáin trádála nó córais trádála shonracha.	'DAVY' Ordú lae 'GTCV' Ordú atá bailí go dtí tráth a chealaithe 'GTTV' Ordú 'bailí go dtí am sonraithe' 'GTDV' Ordú 'bailí go dtí dáta sonraithe' 'GTSV' Ordú 'bailí go dtí dáta agus am sonraithe' 'GATV' Ordú 'bailí tar éis am sonraithe' 'GADV' Ordú 'bailí tar éis dáta' 'GASV' Ordú 'bailí tar éis dáta agus am sonraithe' 'IOCV' Ordú 'láithreach nó cealaigh' 'FOKV' Ordú 'líon anois nó cealaigh' nó carachtar {ALPHANUM-4} nach bhfuil in úsáid cheana maidir le haicmiú an ionaid trádála féin.
7	Srianta ordaithe	Bailí don Seisiún Meaitseála ag Praghsanna Scoir: i gcás ina bhfuil ordú incháilithe don seisiún meaitseála ag praghsanna scoir. Ordú 'Bailí le haghaidh Ceant': níl an t-ordú gníomhach ach ag céimeanna ceantála agus ní féidir é a fhorghníomhú ach ag céimeanna ceantála (ar féidir leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chuir an t-ordú isteach iad a réamhshainiú, e.g. ceantanna oscailte agus/nó ceantanna scoir agus/nó ceant ionlae).	'SESR' — Bailí don Seisiún Meaitseála ag Praghsanna Scoir 'VFAR' Bailí le haghaidh Ceant 'VFCR' Bailí le haghaidh Trádáil Leanúnach amháin

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
		Bailí le haghaidh Trádáil Leanúnach amháin: níl an t-ordú gníomhach ach le linn trádáil leanúnach. Eile: aon tásc breise atá uathúil le haghaidh samhlacha gnó, ardáin trádála nó córais trádála shonracha.	carachtar {ALPHANUM-4} nach bhfuil in úsáid cheana maidir le haicmiú an ionaid trádála féin. Déanfar an réimse seo a líonadh le bratacha iomadúla agus camóg eatarthu i gcás ina bhfuil níos mó ná bratach amháin infheidhme
8	Tréimhse bhailíochta agus am bailíochta	Tagraíonn an réimse seo don stampa ama lena léirítear an t-am a éiríonn an t-ordú gníomhach nó a bhaintear den leabhar orduithe é ar deireadh: Ordú lae: an dáta iontrála ag a bhfuil an stampa ama díreach roimh mheán oíche; Ordú 'bailí go dtí am sonraithe': an dáta iontrála agus an t-am dá sonraítear san ordú; Ordú 'bailí go dtí dáta sonraithe': an dáta éaga sonraithe ag a bhfuil an stampa ama díreach roimh mheán oíche; Ordú 'bailí go dtí dáta agus am sonraithe': an dáta agus an t-am éaga sonraithe; Ordú 'bailí tar éis am sonraithe': an dáta iontrála agus an t-am sonraithe a bheidh an t-ordú gníomhach; Ordú 'bailí tar éis dáta': an dáta sonraithe ag a bhfuil an stampa ama díreach tar éis meán oíche; Ordú 'bailí tar éis dáta agus am sonraithe': an dáta agus an t-am sonraithe a bheidh an t-ordú gníomhach; Ordú atá bailí go dtí tráth a chealaithe: an dáta agus an t-am deiridh a bhaintear an t-ordú go huathoibríoch le hoibríochtaí margaidh; Eile: stampa ama le haghaidh aon chineál bailíochta breise.	{DATE_TIME_FORMAT}
		Roinn F - An t-ordú a shainaithint	
9	Cód MIC na deighleoige	An t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní inar cuireadh an t-ordú isteach a shainaithint. I gcás ina n-úsáideann an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní MICanna deighleoige, úsáidfear an MIC deighleoige. I gcás nach n-úsáideann an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní MICanna deighleoige, úsáidfear an MIC oibriúcháin.	{MIC}

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
		Ní líonfar isteach an réimse seo ach amháin le haghaidh orduithe atá le forghníomhú ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní.	
10	Cód aitheantais cripteashócmhainní	Aitheantóir uathúil gan débhrí na cripteashócmhainne.	{DTI} {ALPHANUM-20}
11	Aicmiú cripteashócmhainní	An tacsanomaíocht a úsáidtear chun an chripteashócmhainn a aicmiú nó Soláthrófar cód CFI iomlán cruinn i gcás ina mbeidh sé ar fáil.	ART EMT OT {CFI_CODE}
12	Cód aitheantais orduithe	Cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní don ordú aonair.	{ALPHANUM-50}
		Roinn G - Imeachtaí a dhéanann difear don ordú	
13	Ordú nua, cealú ordaithe	Ordú nua: ordú nua a chur isteach chuig an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní. Curtha ar ceal ar thionscnamh chliant an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní: i gcás ina gcinnfidh cliant ar a thionscnamh féin an t-ordú a chuir sé isteach roimhe sin a chur ar ceal.	'NEWO' Ordú nua 'CAME' Curtha ar ceal ar thionscnamh chliant an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní
		Roinn G - An cineál ordaithe	
14	Cineál ordaithe	Sainaithnítear an cineál ordaithe a chuirtear isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní de réir shonraíochtaí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní.	{ALPHANUM-50}
15	Cineál ordaithe a aicmiú	An t-ordú a aicmiú de réir dhá chineál ordaithe chineálacha. Ordú teorann: i gcás ina bhfuil an t-ordú intrádála; Stadordú: i gcás nach mbeidh an t-ordú intrádála ach ar theagmhas praghais réamhchinntithe a bhaint amach.	Na litreacha 'LMTO' le haghaidh teorann nó na litreacha 'STOP' le haghaidh stad
		Roinn H - Praghsanna	
16	Praghas teorann	An t-uasphraghas ag ar féidir ordú ceannaigh a fhorghníomhú nó an t-íosphraghas ag ar féidir ordú díola a fhorghníomhú. An praghas corrlaigh le haghaidh ordú straitéise, rud is féidir a bheith diúltach nó dearfach. 'NOAP' a bheidh sa réimse seo le haghaidh orduithe nach bhfuil praghas teorann acu nó le haghaidh orduithe neamhphraghsáilte.	{DECIMAL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil. {DECIMAL-11/10} i gcás ina sloinntear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh.

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
		I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar an praghas san aonad mórairgeadra. I gcás ina dtrádáiltear an chripteashócmhainn ar bhonn péire airgeadraí, sloinnfear leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra. I gcás ina sloinntear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar an praghas a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúlach an phraghais arna shloinneadh in aonaid na cripteashócmhainne sin.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an praghas mar bhonnphointí 'NOAP'
17	Praghas teorann breise	Aon phraghas teorann eile a bhféadfadh feidhm a bheith aige maidir leis an ordú. 'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil aon phraghas teorann ann. I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar an praghas san aonad mórairgeadra. I gcás ina dtrádáiltear an chripteashócmhainn ar bhonn péire airgeadraí, sloinnfear leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra. I gcás ina sloinntear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar an praghas a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúlach an phraghais arna shloinneadh in aonaid na cripteashócmhainne sin.	{DECIMAL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil. {DECIMAL-11/10} i gcás ina sloinntear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh. {DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an praghas mar bhonnphointí 'NOAP'
18	Stadphraghas	An praghas nach mór a bhaint amach chun go mbeidh an t-ordú gníomhach. Maidir le stadphraghasanna arna spreagadh ag teagmhais atá neamhspleách ar phraghas na cripteashócmhainne, déanfar an réimse seo a líonadh le stadphraghas atá cothrom le nialas. 'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha. I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar an praghas san aonad mórairgeadra. I gcás ina dtrádáiltear an chripteashócmhainn ar bhonn péire airgeadraí, sloinnfear leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra. I gcás ina sloinntear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar an praghas a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúlach an phraghais arna shloinneadh in aonaid na cripteashócmhainne sin.	{DECIMAL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil. {DECIMAL-11/10} i gcás ina sloinntear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh. {DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an praghas mar bhonnphointí 'NOAP'

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint			
19	Praghas teorann pionnála	An t-uasphraghas ag ar féidir ordú ceannaigh pionnála a fhorghníomhú nó an t-íosphraghas ag ar féidir ordú díola pionnála a fhorghníomhú. 'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha. I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar an praghas san aonad mórairgeadra. I gcás ina dtrádáiltear an chripteashócmhainn ar bhonn péire airgeadraí, sloinnfear leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra. I gcás ina sloinntear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar an praghas a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúlach an phraghais arna shloinneadh in aonaid na cripteashócmhainne sin.	{DECIMAL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil. {DECIMAL-11/10} i gcás ina sloinntear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh. {DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an praghas mar bhonnphointí 'NOAP'
20	Praghas an idirbhirt	Praghas trádáilte an idirbhirt cé is moite de choimisiún, de tháillí eile agus d'ús fabhraithe, i gcás inarb infheidhme. Praghas a thuairiscítear i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra. I gcás nach bhfuil an praghas infheidhme, déanfar an réimse a líonadh le luach 'NOAP'. I gcás ina dtrádáiltear an chripteashócmhainn ar bhonn péire airgeadraí, sloinnfear leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra.	{DECIMAL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil. 'NOAP'
21	Airgeadra an phraghais	An t-airgeadra ina sloinntear praghas trádála na cripteashócmhainne a bhaineann leis an ordú (tá sé infheidhme i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil). I gcás ina ndéantar an chripteashócmhainn a thrádáil i ríomh-airgead/i gcomhartha ríomh-airgid, úsáidfear an tAitheantóir Comharthaí Digiteacha nó an t-aitheantóir malartach dá dtagraítear in Airteagal 15. I gcás ina sloinntear praghas na cripteashócmhainne i dtéarmaí airgeadaíochta agus ina sloinntear é i bpéire airgeadraí, tuairisceofar an péire airgeadraí ina sloinntear praghas na cripteashócmhainne a bhaineann leis an ordú. Is é cód an bhunairgeadra a bheidh sa chéad chód airgeadra agus is é cód an airgeadra luachana a bheidh sa dara cód airgeadra. Cinntear leis an airgeadra luachana an praghas ar aonad amháin den bhunairgeadra. Úsáidfear cód airgeadra ISO agus an t-ainm gearr DTI arna chlárú de réir eilimintí sonraí ISO 24165-2 chun an DTI nó an t-aitheantóir malartach a chlárú chun an t-airgeadra *fiat* agus an chripteashócmhainn faoi seach a léiriú sa phéire airgeadraí.	{CURRENCYCODE_3} {DTI} {ALPHANUM-20} Ba cheart {CURRENCYCODE_3} a úsáid le haghaidh airgeadraí *fiat* i bpéire airgeadraí Ba cheart {DTI_SHORT_NAME} a úsáid le haghaidh cripteashócmhainní i bpéire airgeadraí 'NOAP'

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
22	Nodaireacht phraghais	Léirítear leis sin cé acu a shloinntear an praghas mar luach airgeadaíochta, mar chéatadán, mar thoradh nó mar bhonnphointí.	'MONE' Luach airgeadúil 'PERC' Céatadán 'YIEL' Toradh 'BAPO' Bonnphointí
		Roinn I - Treoracha maidir le hordú	
23	Táscaire an cheannaigh-an díola	Chun léiriú cibé acu atá an t-ordú le ceannach nó le díol.	'BUYI' ceannach 'SELL' díol
24	Stádas ordaithe	Chun orduithe atá gníomhach/neamhghníomhach/ar fionraí a shainaithint: Gníomhach — orduithe neamhluachana atá intrádála. Neamhghníomhach — orduithe neamhluachana nach bhfuil intrádála.	'ACTI'gníomhach nó "INAC" neamhghníomhach
25	Nodaireacht chainníochta	Tugtar le fios cé acu a shloinntear nó nach sloinntear an chainníocht a thuairiscítear i líon aonad, mar luach ainmniúil, mar luach airgeadúil nó mar aonaid cripteashócmhainní.	"UNIT" Líon aonad "NOML" Luach ainmniúil "MONE" Luach airgeadúil "CRYP" Cripteashócmhainn
26	Airgeadra cainníochta	An t-airgeadra ina sloinntear an chainníocht. Tagróidh an t-airgeadra do na haonaid cripteashócmhainní, fiú i gcás ina bhfuil an t-idirbheart ainmnithe i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin. Ní gá an réimse seo a líonadh ach amháin i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil nó mar aonaid cripteashócmhainní.	{CURRENCYCODE_3} {DTI} {ALPHANUM-20}
27	Cainníocht tosaigh	An líon aonad cripteashócmhainní san ordú. I gcás ina mbaineann an t-ordú le codán de chripteashócmhainn, sonraítear cainníocht an aonaid i nodaireacht dheachúil. Luach ainmniúil nó airgeadúil na cripteashócmhainne.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon aonad {DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
28	Cainníocht atá fágtha	An chainníocht iomlán atá fágtha sa leabhar orduithe tar éis forghníomhú páirteach nó i gcás aon teagmhas eile a dhéanann difear don ordú. I gcás teagmhas ordaithe líonta pháirtigh, is éard a bheidh ann an méid iomlán a bheidh fágtha tar éis an fhorghníomhaithe pháirtigh sin. I gcás iontráil ordaithe, beidh sé sin cothrom leis an gcainníocht tosaigh.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon aonad {DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil
29	Cainníocht thrádáilte	I gcás forghníomhú páirteach nó iomlán, déanfar an réimse seo a líonadh leis an gcainníocht fhorghníomhaithe.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon aonad {DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil
30	Íoschainníocht Inghlactha (MAQ)	An íoschainníocht inghlactha le haghaidh ordú atá le líonadh ar féidir iliomad fhorghníomhuithe páirteacha a bheith i gceist léi agus ní bhaineann sí ach le cineálacha ordaithe neamhleanúnacha de ghnáth. “NOAP” a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon aonad {DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil “NOAP”
31	Íosmhéid infhorghníomhaithe (MES)	Íosmhéid infhorghníomhaithe aon fhorghníomhú aonair a d’fhéadfadh a bheith ann. Fágfar an réimse seo bán i gcás nach bhfuil sé ábhartha.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon aonad {DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil
32	MES maidir leis an gcéad fhorghníomhú amháin	Sonraítear cé acu atá nó nach bhfuil MES ábhartha don chéad fhorghníomhú amháin. Is féidir an réimse seo a fhágáil bán i gcás ina bhfágtar Réimse 29 bán.	“fíor” “bréagach”

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
33	Táscaire éighníomhachta amháin	Cuirtear in iúl leis sin má chuirtear an t-ordú isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní mar aon le saintréith/bratach, sa chaoi nach ndéanfar an t-ordú a fhorghníomhú láithreach in aghaidh aon ordú infheicthe ón taobh malartach.	"fíor" "bréagach"
34	Táscaire éighníomhachta nó ionsaitheachta	I gcás teagmhais ordaithe líonta nó ordaithe líonta pháirtigh, léirítear an raibh an t-ordú ar an leabhar orduithe cheana agus ag soláthar leachtachta (éighníomhach) nó ar thionscain an t-ordú an trádáil agus dá bhrí sin ghlac sé leachtacht (ionsaitheach). Fágfar an réimse seo bán i gcás nach bhfuil sé ábhartha	"PASV" éighníomhach nó "AGRE" ionsaitheach.
35	Cosc ar Fhéin-Fhorghníomhú	Cuirtear in iúl leis sin ar cuireadh an t-ordú i bhfeidhm trí chritéir maidir le cosc ar fhéin-fhorghníomhú, ionas nach bhforghníomhódh sé mar aon le hordú ar an taobh eile den leabhar a chuir an rannpháirtí céanna isteach.	"fíor" "bréagach"
36	Ardán trádála le haghaidh cód aitheantais idirbhirt cripteashócmhainní	I gcás orduithe a fhorghníomhaítear ar ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní, cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní don idirbheart de bhun Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/416 ón gCoimisiún ([1]). Beidh an cód uathúil, comhsheasmhach agus marthanach de réir MIC deighleoige ISO10383 agus in aghaidh an lae trádála. Maidir le comhpháirteanna an chóid aitheantais idirbhirt, ní nochtfar leo céannacht na gcontrapháirtithe leis an idirbheart a gcoinnítear an cód ar bun ina leith. Maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaítear trí tharchur thar ceann cliant chuig eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní lasmuigh den Aontas, déanfar an fhaisnéis sin a thaifeadadh i gcás inar féidir teacht uirthi.	{ALPHANUM-52}
		Roinn J - Praghas agus méid ceantála táscach	
37	Praghas ceantála táscach	An praghas ar a bhfuil gach ceant dlite neamhchrosáil i ndáil leis an gcripteashócmhainn a bhfuil ordú amháin nó níos mó curtha isteach ina leith.	{DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil. I gcás ina dtuairiscítear praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra. {DECIMAL-11/10} i gcás ina sloinntear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh

Uimhir Réimse	Ainm Réimse	Tuairisc réimse	Mionsonraí ar na sonraí ordaithe atá le soláthar don údarás inniúil
		Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint	
38	Méid ceantála táscach	An méid (líon aonad na cripteashócmhainne) is féidir a fhorghníomhú ag an bpraghas ceantála táscach i Réimse 50 i gcás ina dtagann deireadh leis an gceant an tráth beacht sin.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon aonad {DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil
		Roinn K - Ord a tharchur	
39	Soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní tarchuir	I gcás ordú a tharchur faoi Airteagal 11, cód LEI an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní tarchuir.	{LEI}
40	Táscaire ordaithe a tharchur	cuirfidh an gnólacht tarchuir “fíor” isteach sa tuarascáil uaidh i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le tarchur a shonraítear in Airteagal 11 “bréagach” – i ngach cás eile	“fíor” “bréagach”
		Roinn L – Tír chónaithe daoine nádúrtha	
41	An tír chónaithe a shainaithint	Déanfar é a líonadh i gcás ina bhfuil cliant ina chónaitheoir i dtír nach tír a náisiúntachta í, mar a shonraítear in Airteagal 9(5).	{COUNTRYCODE_2} “NOAP”

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/416 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar agus formáid na dtaifead leabhair orduithe le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní (IO L, 2025/416, 14.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/416/oj).

ROINN 3

Taifid ar idirbhearta

I gcomhair na heochrach eolais, féach Roinn 2, Tábla 1.

Tábla 3

Mionsonraí ar na hidirbhearta atá le coimeád

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
1	Stádas idirbhirt	Léiriú maidir le cé acu idirbheart nua nó cealú é an t-idirbheart.	“NEWT” - Nua “CANC” - Cealú
2	Uimhir Thaifid an Idirbhirt	Uimhir aitheantais atá uathúil don ghnólacht forghníomhaitheach le haghaidh gach taifid	{ALPHANUM-52}
3	Ardán trádála le haghaidh cód aitheantais idirbhirt cripteashócmhainní	Is uimhir é sin a ghineann an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní agus a scaiptear ar na páirtithe ceannaigh agus ar na páirtithe díolacháin araon i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/416 de Rialachán (AE) 2023/1114. I gcás inarb ábhartha, hais an idirbhirt nó seicheamh alfa-uimhriúil aitheantais eile a ghintear go huathoibríoch ar DLT lena gcumasaítear idirbheart sonrach a shainaithint go huathúil.	{ALPHANUM-52}
4	Cód aitheantais an eintitis fhorghníomhaithigh	An cód a úsáidtear chun an t-eintiteas a fhorghníomhaíonn an t-idirbheart a shainaithint.	{LEI} {ALPHANUM-20}
5	Soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2023/1114.	Léirítear leis sin cé acu atá nó nach bhfuil an t-eintiteas a shainaithnítear i Réimse 4 ina sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1114 maidir leis.	“fíor”- tá “bréagach” - níl
6	Cód aitheantais an cheannaitheora	An cód a úsáidtear chun faighteoir na cripteashócmhainne a shainaithint. I gcás inar eintiteas dlítheanach é an ceannaitheoir, úsáidfear cód LEI an cheannaitheora nó na haitheantóirí malartacha dá dtagraítear in Airteagal 14(3). I gcás inar duine nádúrtha é an ceannaitheoir, an t-aitheantóir a shonraítear in Airteagal 9. I gcás inar tarchuireadh an t-ordú lena fhorghníomhú thar ceann cliant chuig gnólacht a fheidhmíonn seirbhísí cripteashócmhainní lasmuigh den Aontas, úsáidfear cód MIC an ardáin nó an LEI nó aitheantóirí coibhéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 14. I gcás ina bhforghníomhaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an t-idirbheart ar ardán trádála atá lonnaithe i dtríú tír, déanfar LEI an cheannaitheora, an t-aitheantóir malartach dá dtagraítear in Airteagal 14(3) nó an tAitheantóir Náisiúnta a thaifeadadh.	{LEI} {ALPHANUM-20} {MIC} {NATIONAL_ID} ‘INTC’

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
		Úsáidfear “INTC” chun cuntas cliaint comhiomlán laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a ainmniú chun aistriú isteach sa chuntas sin nó amach as a thuairisciú, aistriú lena ngabhann leithdháileadh gaolmhar don chliant aonair nó do na cliaint aonair amach as an gcuntas sin nó isteach sa chuntas sin faoi seach.’	
7	Tír an bhrainse den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní le haghaidh an cheannaitheora	I gcás inar cliant é an ceannaitheoir, sainaithneofar sa réimse seo tír an bhrainse a fuair an t-ordú ón gcliant nó a rinne cinneadh infheistíochta le haghaidh cliaint i gcomhréir le sainordú lánroghnach a thug an cliant dó mar a cheanglaítear le hAirteagal 16. I gcás nach brainse a rinne an ghníomhaíocht sin, ba cheart cód tíre Bhallstát baile an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó cód tíre an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe bunaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chur sa réimse seo.	{COUNTRYCODE_2}
8	Ceannaitheoir - céadainm(neacha)	Céadainm iomlán nó céadainmneacha iomlána an cheannaitheora. I gcás níos mó ná céadainm amháin, cuirfear gach ainm san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
9	Ceannaitheoir - sloinne (sloinnte)	Sloinne iomlán an cheannaitheora. I gcás níos mó ná sloinne amháin, cuirfear gach sloinne san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
10	Ceannaitheoir - dáta breithe	Dáta breithe an cheannaitheora.	{DATEFORMAT}
11	Cód cinnteora ceannaitheora	An cód a úsáidtear chun an duine a dhéanann an cinneadh an chripteashócmhainn a fháil a shainaithint. I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cinneadh, cuirfear céannacht an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sa réimse seo seachas céannacht an duine aonair a dhéanann an cinneadh infheistíochta. I gcás inar eintiteas dlítheanach é an cinnteoir, úsáidfear cód LEI nó aitheantóirí malartacha an chinnteora dá dtagraítear in Airteagal 14(3). I gcás nach eintiteas dlítheanach é an cinnteoir, úsáidfear an t-aitheantóir a shonraítear in Airteagal 9.	{LEI} {ALPHANUM-20} {NATIONAL_ID}
12	Cinnteoir um cheannach - Céadainm(neacha)	Céadainm iomlán nó céadainmneacha iomlána an chinnteora le haghaidh an cheannaitheora. I gcás níos mó ná céadainm amháin, cuirfear gach ainm san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
13	Cinnteoir um cheannach - Sloinne (sloinnte)	Sloinne iomlán nó sloinnte iomlána an chinnteora le haghaidh an cheannaitheora. I gcás níos mó ná sloinne amháin, cuirfear gach sloinne san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
14	Cinnteoir um cheannach - Dáta breithe	Dáta breithe an chinnteora le haghaidh an cheannaitheora.	{DATEFORMAT}

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
15	Cód aitheantais an díoltóra	An cód a úsáidtear chun duine diúscartha na cripteashócmhainne a shainaithint. I gcás inar eintiteas dlítheanach é an díoltóir, úsáidfear cód LEI an duine diúscartha nó na haitheantóirí malartacha dá dtagraítear in Airteagal 14(3). I gcás nach eintiteas dlítheanach é an díoltóir, úsáidfear an t-aitheantóir a shonraítear in Airteagal 9. I gcás inar tarchuireadh an t-ordú lena fhorghníomhú thar ceann an chliaint chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí lasmuigh den Aontas, úsáidfear cód MIC an ardáin nó LEI an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin. I gcás ina bhforghníomhaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an t-idirbheart ar ardán trádála atá lonnaithe i dtríú tír, déanfar an LEI, an t-aitheantóir malartach dá dtagraítear in Airteagal 14(3) nó Aitheantóir Náisiúnta an díoltóra a thaifeadadh. Úsáidfear 'INTC' chun cuntas cliaint comhiomlán laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a ainmniú chun aistriú isteach sa chuntas sin nó amach as a thaifeadadh, aistriú lena ngabhann leithdháileadh gaolmhar don chliant aonair nó do na cliaint aonair amach as an gcuntas sin nó isteach sa chuntas sin faoi seach.	{LEI} {ALPHANUM-20} {MIC} {NATIONAL_ID} 'INTC'
16	Tír an bhrainse le haghaidh an díoltóra	I gcás inar cliant é an díoltóir, sainaithneofar sa réimse seo tír an bhrainse a fuair an t-ordú ón gcliant nó a rinne cinneadh infheistíochta le haghaidh cliaint i gcomhréir le sainordú lánroghnach a thug an cliant dó mar a cheanglaítear le hAirteagal 16. I gcás nach brainse a rinne an ghníomhaíocht sin, déanfar cód tíre Bhallstát baile an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó cód tíre na tíre ina bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe (i gcás gnólachtaí tríú tíortha) bunaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chur sa réimse seo.	{COUNTRYCODE_2}
17	Díoltóir - céadainm(neacha)	Céadainm iomlán nó céadainmneacha iomlána an díoltóra. I gcás níos mó ná céadainm amháin, cuirfear gach ainm san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
18	Díoltóir - sloinne (sloinnte)	Sloinne iomlán an díoltóra. I gcás níos mó ná sloinne amháin, cuirfear gach sloinne san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
19	Díoltóir - dáta breithe	Dáta breithe an díoltóra.	{DATEFORMAT}

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
20	Cód cinnteora an díoltóra	An cód a úsáidtear chun an duine a dhéanann an cinneadh an chripteashócmhainn a dhíol a shainaithint. I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cinneadh, cuirfear céannacht an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sa réimse seo seachas céannacht an duine aonair a dhéanann an cinneadh infheistíochta. I gcás inar eintiteas dlítheanach é an cinnteoir, úsáidfear cód LEI nó aitheantóir malartach an chinnteora dá dtagraítear in Airteagal 14(3). I gcás inar eintiteas neamh-dhlítheanach é an cinnteoir, úsáidfear an t-aitheantóir a shonraítear in Airteagal 9.	{LEI} {ALPHANUM-20} {NATIONAL_ID}
21	Cinnteoir um dhíol - Céadainm (céadainmneacha)	Céadainm iomlán nó céadainmneacha iomlána an chinnteora le haghaidh an díoltóra. I gcás níos mó ná céadainm amháin, cuirfear gach ainm san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
22	Cinnteoir um dhíol - Sloinne (sloinnte)	Sloinne iomlán nó sloinnte iomlána an chinnteora le haghaidh an díoltóra. I gcás níos mó ná sloinne amháin, cuirfear gach sloinne san áireamh sa réimse seo, agus camóg eatarthu.	{ALPHANUM-140}
23	Cinnteoir um dhíol - Dáta breithe	Dáta breithe an chinnteora le haghaidh an díoltóra.	{DATEFORMAT}
24	Táscaire ordaithe a tharchur	cuirfidh an gnólacht tarchuir ‘fíor’ isteach sa tuarascáil uaidh i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le tarchur a shonraítear in Airteagal 11 ‘bréagach’ – i ngach cás eile	‘fíor’ ‘bréagach’
25	Cód aitheantais an ghnólachta tarchuir le haghaidh an cheannaitheora	An cód a úsáidtear chun an gnólacht a tharchuireann an t-ordú a shainaithint Líonfaidh an gnólacht fála é seo sa tuarascáil uaidh leis an gcód aitheantais arna soláthar ag an ngnólacht tarchuir.	{LEI} {ALPHANUM-20}
26	Cód aitheantais an ghnólachta tarchuir le haghaidh an díoltóra	An cód a úsáidtear chun an gnólacht a tharchuireann an t-ordú a shainaithint. Líonfaidh an gnólacht fála é seo sa tuarascáil uaidh leis an gcód aitheantais arna soláthar ag an ngnólacht tarchuir.	{LEI} {ALPHANUM-20}
27	Dáta agus am trádála	Dáta agus am a forghníomhaíodh an t-idirbheart. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, is é a bheidh sa dáta agus san am an tráth a chomhaontaíonn na páirtithe le hinneachar na réimsí seo a leanas: cainníocht, praghas, airgeadraí i Réimsí 31, 34 agus 44, cód aitheantais na hionstraime, aicmiú na hionstraime agus cód na bunionstraime, i gcás inarb infheidhme. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, déanfar an t-am a thaifeadadh go dtí an soicind is gaire ar a laghad. I gcás ina n-eascraíonn an t-idirbheart as ordú a tharchuir an gnólacht forghníomhaitheach thar ceann cliaint chuig tríú páirtí i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le tarchur a leagtar amach in Airteagal 11, is é a bheidh ann dáta agus am an idirbhirt seachas am tarchurtha an ordaithe.	{DATE_TIME_FORMAT}

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
28	Acmhainneacht trádála	Tugtar le fios cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann an t-idirbheart ag trádáil bunairgid mheaitseáilte nó ag malartú cripteashócmhainní ar chistí. I gcás nach é is cúis le hidirbheart go dtugann an gnólacht forghníomhaitheach faoi thrádáil bhunairgid mheaitseáilte nó malartú cripteashócmhainní ar chistí, tugtar le fios sa réimse go ndearnadh an t-idirbheart faoi aon acmhainneacht eile.	'DEAL' Cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile 'MTCH' Bunairgead meaitseáilte 'AOTC' Aon acmhainneacht eile
29	Cainníocht	Líon aonaid na gcripteashócmhainní nó luach airgeadúil na cripteashócmhainne. I gcás ina sloinntear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar é a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúlach an phraghais arna shloinneadh in aonaid na cripteashócmhainne sin. An fhaisnéis a thuairiscítear sa réimse seo, beidh sí comhsheasmhach leis na luachanna a sholáthraítear i Réimsí 31 agus 32.	{DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon aonad agus {DECIMAL-18/5} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach airgeadaíochta nó ainmniúil
30	Airgeadra cainníochta	An t-airgeadra ina sloinntear an chainníocht. Infheidhme i gcás ina sloinntear an chainníocht mar luach ainmniúil nó mar luach airgeadaíochta, agus sa chás sin amháin. Tagróidh an chainníocht do na haonaid cripteashócmhainne, fiú i gcás ina bhfuil an t-idirbheart ainmnithe i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin. I gcás ina ndéantar an chripteashócmhainn a thrádáil i ríomh-airgead/i gcomhartha ríomh-airgid, úsáidfear cód an Aitheantóra Comharthaí Digiteacha nó an t-aitheantóir malartach dá dtagraítear in Airteagal 15.	{CURRENCYCODE_3} {DTI} {ALPHANUM-20}
31	Praghas	Praghas trádáilte an idirbhirt cé is moite de choimisiún, d'aon táille eile agus d'ús fabhraithe, i gcás inarb infheidhme. I gcás ina dtrádáiltear an chripteashócmhainn ar bhonn péire airgeadraí, sloinnfear leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra. I gcás ina sloinntear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar an praghas a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúlach an phraghais arna shloinneadh in aonaid na cripteashócmhainne sin. I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar an praghas san aonad mórairgeadra. I gcás nach bhfuil an praghas infheidhme, is é 'NOAP' an luach a bheidh ann. An fhaisnéis a thaifeadtar sa réimse seo, beidh sí comhsheasmhach leis na luachanna a sholáthraítear i Réimse 30.	{DEACHÚIL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadaíochta agus {DEACHÚIL-11/10} i gcás ina sloinntear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh {DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an praghas mar bhonnphointí 'NOAP' i gcás nach bhfuil an praghas infheidhme

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
32	Airgeadra an Phraghais	Airgeadra ina sloinntear an praghas (infheidhme i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil). I gcás ina sloinntear praghas na cripteashócmhainne i dtéarmaí airgeadaíochta agus i bpéire airgeadraí, tuairisceofar an péire airgeadraí ina sloinntear praghas na cripteashócmhainne a bhaineann leis an ordú. Is é cód an bhunairgeadra a bheidh sa chéad chód airgeadra agus is é cód an airgeadra luachana a bheidh sa dara cód airgeadra. Cinntear leis an airgeadra luachana an praghas ar aonad amháin den bhunairgeadra. Úsáidfear cód airgeadra ISO agus an t-ainm gearr DTI arna chlárú i gcomhréir le heilimintí sonraí ISO 24165-2 chun an DTI nó an t-aitheantóir malartach dá dtagraítear in Airteagal 15 a chlárú chun an t-airgeadra *fiat* agus an chripteashócmhainn faoi seach a léiriú sa phéire airgeadraí.	{CURRENCYCODE_3} {DTI} {ALPHANUM-20} Ba cheart {CURRENCYCODE_3} a úsáid le haghaidh airgeadraí *fiat* i bpéire airgeadraí Ba cheart {DTI_SHORT_NAME} a úsáid le haghaidh cripteashócmhainní i bpéire airgeadraí 'NOAP'
33	Ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní	An t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní inar forghníomhaíodh an t-idirbheart a shainaithint. Úsáid MIC deighleoige ISO 10383 le haghaidh idirbhearta a fhorghníomhaítear ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin. Úsáid cód MIC 'XOFF' le haghaidh cripteashócmhainní a ligtear isteach chun a dtrádála, nó a thrádáiltear ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní nó a ndearnadh iarraidh ar ligean isteach ina leith, i gcás nár forghníomhaíodh an t-idirbheart ar an gcripteashócmhainn sin ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní. Úsáid cód MIC 'XXXX' le haghaidh cripteashócmhainní nach ligtear isteach chun a dtrádála nó nach dtrádáiltear ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, nó nach bhfuil aon iarraidh ar ligean isteach déanta ina leith.	{MIC}
34	Tír an bhrainse ar úsáideadh a bhallraíocht	An cód a úsáidtear chun tír na brainse den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar úsáideadh a bhallraíocht in ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní chun an t-idirbheart a fhorghníomhú a shainaithint. I gcás nár úsáideadh ballraíocht bhrainse in ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, líonfar an réimse seo le cód tíre Bhallstát baile an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó cód tíre na tíre ina bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe (i gcás gnólachtaí tríú tíortha) bunaithe ag an ngnólacht. Ní líonfar isteach an réimse seo ach amháin le haghaidh taobh margaidh idirbhirt arna fhorghníomhú ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní.	{COUNTRYCODE_2}
35	Íocaíocht tosaigh	Luach airgeadúil aon íocaíochta tosaigh a fuair nó a d'íoc an díoltóir. I gcás ina bhfaigheann an díoltóir an íocaíocht tosaigh, beidh an luach a líonfar deimhneach. I gcás ina n-íocann an díoltóir an íocaíocht tosaigh, beidh an luach a líonfar diúltach.	{DECIMAL-18/5}

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
36	Airgeadra na híocaíochta tosaigh	Airgeadra na híocaíochta tosaigh.	{CURRENCYCODE_3} {DTI} {ALPHANUM-20}
37	Aitheantóir na comhpháirte trádála casta	Aitheantóir laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun na taifid idirbhirt uile a bhaineann leis an bhforghníomhú céanna ar theaglaim de chripteashócmhainní a shainaithint. Ní mór an cód a bheith uathúil ar leibhéal an ghnólachta i gcás an ghrúpa taifead idirbhirt a bhaineann leis an bhforghníomhú.	{ALPHANUM-35}
38	Cód aitheantais cripteashócmhainní	An cód a úsáidtear chun an chripteashócmhainn a shainaithint Tá feidhm ag an réimse seo maidir le cripteashócmhainní a bhfuil iarraidh ar iad a ligean isteach chun a dtrádála déanta ina leith, cripteashócmhainní a ligtear isteach chun a dtrádála nó cripteashócmhainní a thrádáiltear ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní.	{DTI} {ALPHANUM-20}
39	Ainm iomlán na cripteashócmhainne	Ainm iomlán na cripteashócmhainne.	{ALPHANUM-350}
40	Aicmiú cripteashócmhainní	An tacsanomaíocht a úsáidtear chun an chripteashócmhainn a aicmiú. nó Soláthrófar cód CFI iomlán cruinn i gcás ina mbeidh sé ar fáil.	ART EMT OT {CFI_CODE}
41	Cinneadh infheistíochta laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní	An cód a úsáidtear chun an duine nó an t-algartam laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann an cinneadh infheistíochta a shainaithint. Fanfaidh an cód mar an gcéanna le haghaidh gach tacar cóid nó straitéis trádála lena gcruthaítear an t-algartam, agus úsáidfear go comhsheasmhach é agus tagairt á déanamh don algartam nó don leagan den algartam a luaithe a shannfar dó é. I gcás daoine nádúrtha, úsáidfear an t-aitheantóir a shonraítear in Airteagal 9 maidir le halgartam a chinneann paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch, lena n-áirítear an cinneadh chun an t-ordú a thionscnamh nó uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe a chinneadh, i gcás ina ndearna sé an cinneadh infheistíochta, déanfar an réimse sin a líonadh de réir mar a leagtar amach in Airteagal 8. Níl feidhm ag an réimse seo ach le cinneadh infheistíochta arna dhéanamh laistigh den ghnólacht. I gcás ina mbaineann an t-idirbheart le hordú tarchurtha a chomhlíon na coinníollacha maidir le tarchur a leagtar amach in Airteagal 11, líonfaidh an gnólacht fála an réimse seo ina thaifead trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a fuarthas ón ngnólacht tarchuir.	{NATIONAL_ID} - Daoine nádúrtha {ALPHANUM-50} - Algartaim

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí ar na sonraí idirbhirt atá le soláthar don údarás inniúil
42	Tír an bhrainse atá freagrach as an duine a dhéanann an cinneadh infheistíochta	An cód a úsáidtear chun tír an bhrainse den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a shainaithint le haghaidh an duine a dhéanann an cinneadh infheistíochta, mar a leagtar amach in Airteagal 16. I gcás nach mbeidh maoirseacht déanta ag brainse ar an duine a dhéanann an cinneadh infheistíochta, líonfar an réimse seo le cód tíre Bhallstát baile an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó cód tíre an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe bunaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. I gcás ina mbaineann an t-idirbheart le hordú tarchurtha a chomhlíon na coinníollacha maidir le tarchur a leagtar amach in Airteagal 11, líonfaidh an gnólacht fála an réimse seo ina thaifead trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a fuarthas ón ngnólacht tarchuir. Níl an réimse seo infheidhme i gcás ina ndearna algartam lena gcinntear paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch an cinneadh infheistíochta, lena n-áirítear i dtaobh an dtionscnófar an t-ordú nó an gcinnfear uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe.	{COUNTRYCODE_2}
43	Forghníomhú laistigh de ghnólacht	An cód a úsáidtear chun an duine nó an t-algartam a shainaithint lena gcinntear go huathoibríoch paraiméadair aonair laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun orduithe a fhorghníomhú, lena n-áirítear an cinneadh chun an t-ordú a thionscnamh nó chun uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe a chinneadh. I gcás daoine nádúrtha, úsáidfear an t-aitheantóir a shonraítear in Airteagal 9. Maidir le halgartam a chinneann paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch, lena n-áirítear an cinneadh chun an t-ordú a thionscnamh nó uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe a chinneadh, i gcás ina ndearna sé an forghníomhú, déanfar an réimse sin a líonadh de réir mar a leagtar amach in Airteagal 8.	{NATIONAL_ID} - Daoine nádúrtha {ALPHANUM-50} - Algartaim CLIENT - Cliant
44	Tír an bhrainse a dhéanann maoirseacht ar an duine a chinneann na coinníollacha maidir le forghníomhú	An cód a úsáidtear chun tír an bhrainse den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a shainaithint le haghaidh an duine a dhéanann an cinneadh maidir le forghníomhú an idirbhirt, mar a leagtar amach in Airteagal 16. I gcás nach mbeidh maoirseacht déanta ag brainse ar an duine atá freagrach, líonfar an réimse seo le cód tíre Bhallstát baile an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó cód tíre na tíre ina bhfuil a oifig chláraithe bunaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Níl an réimse seo infheidhme i gcás ina ndearna algartam lena gcinntear paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch an forghníomhú, lena n-áirítear an cinneadh chun an t-ordú a thionscnamh nó chun uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe a chinneadh.	{COUNTRYCODE_2}
45	Táscaire maidir le díol folamh	Ainmniú chun aon díol cripteashócmhainne a shainaithint ar cripteashócmhainn í nach bhfuil faoi úinéireacht an díoltóra tráth a dhéantar an comhaontú chun díola, lena n-áirítear díol den sórt sin más rud é, tráth a dhéantar an comhaontú chun díola, go bhfuil an scair nó an ionstraim fiachais faighte ar iasacht ag an díoltóir, nó go n-aontaíonn sé í a fháil ar iasacht, chun í a sheachadadh tráth na socraíochta.	‘fíor’ ‘bréagach’

ROINN 4

Sonraí ar an slabhra

Tábla 4

Mionsonraí ar na sonraí ar an slabhra atá le coimeád

Uimhir an réimse	Réimse	Ábhar atá le taifeadadh	Mionsonraí atá le soláthar don údarás inniúil
1	Hais an idirbhirt	Aitheantóir lena gcumasaítear idirbheart sonrach ar an líonra a shainaithint go huathúil.	{ALPHANUM-140}
2	Seoltaí tiachóige	Cód lena sainaithnítear an tiachóg go huathúil, ar leis an gceannaitheoir/díoltóir í, a n-aistrítear an chripteashócmhainn chuici.	{ALPHANUM-140}
3	Seoltaí Conartha Cliste	Cód lena sainaithnítear seoladh conartha cliste go huathúil.	{ALPHANUM-140}
4	Stampa ama	Stampa ama chruthú an bhloic.	{DATE_TIME_FORMAT}
5	Cainníocht/ Soláthar Iomlán Reatha	Cóimheas idir an chainníocht aistrithe agus méid reatha comhlúthach na sócmhainne.	
6	Aitheantóir comhartha	Aitheantóir Comharthaí Digiteacha	{DTI}
7	Táille an líonra	Táillí a iarrtar chun na costais a bhaineann le bloc nua a chruthú a chumhdach.	
8	Teorainn táillí	Is é sin uasmhéid ‘táillí líonra’ atá úsáideoir ar an slabhra toilteanach a íoc as idirbheart sonrach a fhorghníomhú.	
9	Méid na sonraí	Tá an réimse seo ceangailte le Réimse 8. Is féidir ‘ceangaltáin’ a bheith in idirbheart ar an slabhra i réimse *sonraí* sonrach a dhéanann difear do na ‘táillí líonra’ is gá chun an t-idirbheart a phróiseáil.	
10	Go	Na haitheantóirí uathúla le haghaidh an cheannaitheora agus an díoltóra a ghintear le prótacal DLT de ghnáth ar bhonn sheoltaí tiachóige an cheannaitheora/an díoltóra.	{ALPHANUM-140}
11	Ó	An t-aitheantóir uathúil le haghaidh an díoltóra a ghintear le prótacal DLT de ghnáth ar bhonn sheoltaí tiachóige an díoltóra.	{ALPHANUM-140}
12	Airgeadra	Cód airgeadra	{CURRENCYCODE_3} {DTI}
13	Uimhir Thaifid an Idirbhirt	Uimhir aitheantais a thuairiscítear i Réimse 2 de Roinn 3 atá uathúil don ghnólacht forghníomhaitheach le haghaidh gach taifid chun a áirithiú gur féidir nasc a dhéanamh idir an tuarascáil ar an slabhra agus an tuarascáil sheachshlabhra.	{ALPHANUM-140}